C/2023/1615

21.12.2023

Réamhfhógra faoi chomhchruinniú

(Cás M.11400 — NEOM / DSV / JV)

Cás a d'fhéadfaí a chur faoin nós imeachta simplithe

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

(C/2023/1615)

1. An 14 Nollaig 2023, fuair an Coimisiún fógra maidir le comhchruinniú atá beartaithe de bhun Airteagal 4 de Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle ([1]).

Baineann an fógra seo leis na gnóthais seo a leanas:

— NEOM Company ('NEOM', Ríocht na hAraibe Sádaí), atá faoi rialú ag Public Investment Fund ('PIF', Ríocht na hAraibe Sádaí),

— DSV Solutions Holding A/S ('DSV Solutions', an Danmhairg), atá faoi rialú ag DSV A/S ('DSV' an Danmhairg).

Gheobhaidh NEOM agus DSV rialú comhpháirteach ar chuideachta nuachruthaithe ar comhfhiontar í ('CF') de réir bhrí Airteagail 3(1)(b) agus 3(4) den Rialachán um Chumaisc.

Baintear an comhchruinniú amach trí bhíthin ceannach scaireanna sa CF.

2. Is iad seo a leanas gníomhaíochtaí gnó na ngnóthas lena mbaineann:

— Tá baint ag NEOM maidir le Limistéar NEOM a fhorbairt, limistéar uirbeach nua atá beartaithe ag Ríocht na hAraibe Sádaí. Is é máthairchuideachta NEOM, PIF, ciste infheistíochta stáit Ríocht na hAraibe Sádaí, agus bíonn sí gníomhach in infheistíocht sócmhainní chun tacú le forbairt eacnamaíoch Ríocht na hAraibe Sádaí agus chun a fhoinsí ioncaim a dhoimhniú, ar mhaithe le leas na glúnta atá le teacht,

— Tá DSV Solutions gníomhach mar sholáthraí seirbhísí lóistíochta ar conradh, agus soláthraíonn sé seirbhísí stórála agus lóistíochta go domhanda agus rialaíonn sé níos mó ná 500 ionad lóistíochta. Is cuideachta seolta lasta agus lóistíochta í a mháthairchuideachta, DSV, atá gníomhach i seirbhísí seolta lasta ar an mbóthar / ar an talamh, san aer agus ar muir mar aon le seirbhísí lóistíochta conartha.

3. Is iad seo a leanas na gníomhaíochtaí gnó a bheidh ag an gComhfhiontar: lóistíocht agus bainistiú an tslabhra soláthair le haghaidh thógáil Limistéar NEOM agus soláthraí seirbhísí lóistíochta do thríú pháirtithe laistigh de Limistéar NEOM.

4. Tar éis réamhscrúdú a dhéanamh, is é cinneadh an Choimisiúin go bhféadfadh an t-idirbheart ar tugadh fógra ina leith a bheith faoi raon feidhme an Rialacháin um Chumaisc. Ach forchoimeádtar an cinneadh críochnaitheach maidir leis sin.

De bhun an Fhógra ón gCoimisiún maidir le cóireáil shimplithe le haghaidh comhchruinnithe áirithe faoi Rialachán (CE) Uimh. 139/2004 ón gComhairle maidir le comhchruinnithe a rialú idir gnóthais ([2]), ba cheart a thabhairt faoi deara go bhféadfaí an cás seo a chur faoin nós imeachta a leagtar amach san Fhógra.

5. Iarrann an Coimisiún ar thríú páirtithe leasmhara aon bharúlacha a bheadh acu maidir leis an oibríocht atá beartaithe a chur faoi bhráid an Choimisiúin.

Ní mór na barúlacha a bheith faighte ag an gCoimisiún tráth nach déanaí ná 10 lá tar éis dháta foilsithe an fhoilseacháin seo. Ba cheart an tagairt seo a leanas a lua i gcónaí:

M.11400 — NEOM / DSV / JV

([1]) IO L 24, 29.1.2004, lch. 1 (an 'Rialachán um Chumaisc').
([2]) IO C 160, 5.5.2023, lch. 1.

Is féidir barúlacha a sheoladh chuig an gCoimisiún le ríomhphost nó tríd an bpost. Baintear úsáid as na sonraí teagmhála:

R-phost: COMP-MERGER-REGISTRY@ec.europa.eu

Seoladh poist:

European Commission
Directorate-General for Competition
Merger Registry
1049 Bruxelles/Brussel
BELGIQUE/BELGIË